C/2025/6437

28.11.2025

**Foilsiú iarratais ar ainm a chosaint de bhun Airteagal 97(4), an chéad fhomhír de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle in earnáil an fhíona**

(C/2025/6437)

Laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

DOICIMÉAD AONAIR

**'Lumbarda'**

**Uimh. AE: PDO-HR-02869**

**Dáta an iarratais: 30.9.2022**

1. **Ainm le clárú**

Lumbarda

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon
4. Fíon súilíneach
15. Fíon ó fhíonchaora rísínithe

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

1. *Fíon ('kvalitetno vino s kontroliranim zemljopisnim podrijetlom' [fíon ar ardchaighdeán de thionscnamh geografach rialaithe] agus 'vrhunsko vino s kontroliranim zemljopisnim podrijetlom' [fíon ardcháilíochta de thionscnamh geografach rialaithe])*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Ag brath ar mhicreadhálaí an tsuímh agus ar an modha próiseála fíonchaor, ar fhíonóireacht agus aibiú, bíonn na fíonta gnáthbhuainte sin gléghlan, agus bíonn dath glasbhuí agus buí órga orthu, agus bíonn cion alcóil idir meánach agus láidir agus tiúchan ard eastóscáin agus luatha iontu, agus bíonn siad measartha aigéadach. Tugann na tosca sin uile blas cothrom do na fíonta, mar aon le searbhas sainiúil séimh nó searbhas níos déine. Bíonn dea-bholadh bláthach agus torthaíoch idir éadrom agus measartha ar na fíonta, rud a thugann bláthanna agus torthaí torthaí citris chun cuimhne den chuid is mó, chomh maith le húlla agus péitseoga aibí.

Tá an stíl eile d'fhíon gnáthbhuainte Grk ann mar thoradh ar an teicníc an fíon a aosú ar an moirt agus i mbairillí darach, rud a tháirgeann fíon a mbíonn dath dian buí órga air, agus ar a mbíonn dea-bholadh casta torthaí agus cnónna aibí, craiceann oráiste triomaithe, agus mionbholaithe ime agus spíosraí. Chomh maith lena bhlas an-dian agus lena úire dheas, bíonn uigeacht shaibhir sa bhfíon mar gheall ar thainníní séimhe a bheith ann, agus bíonn iarbhlas an-mharthanach i gceist leis.

Is é 200 mg/l an cion uasta dé-ocsaíde sulfair a cheadaítear i gcás na bhfíonta, nó 250 mg/l i gcás fíonta ina mbíonn níos mó ná 5 g/l de shiúcra iarmharach.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

Tá feidhm ag teorainneacha reachtaíocht infheidhme an Aontais maidir leis na luachanna anailíseacha nach liostaítear sa tábla.

| Saintréithe anailíseacha ginearálta | |
|---|---|
| Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) | — |
| Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) | 10,0 |
| Aigéadacht iomlán íosta | 4,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach |
| Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) | 18 |
| Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) | 250 |

2. *Fíon súilíneach ('Vrhunsko pjenušavo vino' [Fíon súilíneach ardcháilíochta])*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Bíonn na fíonta súilíneacha gléghlan, agus bíonn dath idir glasbhuí agus buí órga orthu, agus bíonn gnáth-shaintréithe na catagóire fíona sin iontu: úire agus broidearnach shuntasach. Bíonn dea-bholadh agus blas casta orthu a thugann torthaí aibí agus torthaí citris chun cuimhne, agus bíonn siad beagáinín searbh sa bhéal, ar gnáth-shaintréith sin den chineál. Tá struchtúr teann na bhfíonta súilíneacha ann mar thoradh ar a n-aigéadacht fhoriomlán shuntasach agus ar a mbraistint mianrachta, chomh maith lena dtiúchan ard eastóscáin agus luatha.

Is é 235 mg/l an cion uasta dé-ocsaíde sulfair a cheadaítear.

Is é 3,0 bar ar a laghad an dé-ocsaíd charbóin (brú) sa bhuidéal.

Tá feidhm ag teorainneacha reachtaíocht infheidhme an Aontais maidir leis na luachanna anailíseacha nach liostaítear sa tábla.

| Saintréithe anailíseacha ginearálta | |
|---|---|
| Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) | — |
| Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) | 10,0 |
| Aigéadacht iomlán íosta | 5,0 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach |
| Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) | 18 |
| Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) | 235 |

3. *Fíon ó fhíonchaora rísínithe ('kvalitetno vino KZP – desertno vino' [fíon ar ardchaighdeán de thionscnamh geografach rialaithe – fíon milseoige] agus 'vrhunsko vino KZP – desertno vino' [fíon ar ardchaighdeán de thionscnamh geografach rialaithe – fíon milis])*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Is fíonta iad a fhaightear tríd an modh sonrach fíonchaora rísínithe a phróiseáil, ar fíonchaora iad a bhíonn páirt-díhiodráitithe sa ghrian nó faoin scáth, agus bíonn imireacha datha níos déine idir órbhuí agus ómra iontu, bíonn neart alcóil níos mó agus tiúchan ard eastóscán agus luatha iontu. Bíonn blas fadmharthanach casta orthu arb iad milseacht agus torthaíocht is mó a bhíonn orthu. Tugann a ndea-bholadh mil, rísíní agus torthaí ró-aibí chun cuimhne.

Is é 250 mg/l an cion uasta dé-ocsaíde sulfair a cheadaítear, nó 300 mg/l i gcás fíonta ina bhfuil níos mó ná 50 g/l de shiúcra iarmharach.

Tá feidhm ag teorainneacha reachtaíocht infheidhme an Aontais maidir leis na luachanna anailíseacha nach liostaítear sa tábla.

| Saintréithe anailíseacha ginearálta | |
|---|---|
| Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) | — |
| Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) | 9,0 |
| Aigéadacht iomlán íosta | 4,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach |
| Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) | 30 |
| Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) | 300 |

## 5. Cleachtais fhíoneolaíocha

(a) *Cleachtais fhíoneolaíocha fhíor-riachtanacha*

1. Suíomh na bhfíonghort

Cleachtas saothraithe

Go traidisiúnta, déantar fíonghoirt uile mhachaire Lumbarda a chothabháil de láimh, agus is é cuachphrúnáil, gan treilís, an modh treoraithe eisiaach a úsáidtear. Is éard atá i gceist le cur chuige níos comhaimseartha maidir le Grk a fhás i machaire Lumbarda na sraitheanna a oiriúnú do phróiseáil mheicnithe, i gcás inar modhnaíodh an t-achar idir rónna go 1,40 × 0,80 m, agus úsáid á baint as treilís aonsreangach lena ngabhann cuaillí d'ábhair éagsúla. Modhnaíodh an cineál treoraithe ina ghaothrán agus na cannaí ag fás i líne dhíreach i dtreo na sraithe. Is iad Rupestris du Lot, Kober 5BB, SO4 agus Paulsen 1103 an fréamhstoc is coitianta sna fíonghoirt sin. Mar thoradh ar shaothrú fíonghort ar charst feabhsaithe, cuireadh coincheap nua comhaimseartha maidir le fíonsaothrú i bhfeidhm, rud a fhágann go mbaintear an úsáid is fearr as tarracóirí fíonghoirt agus as a bhfeistis chun oibríochtaí agraitheicniúla agus oibríochtaí aimpealai-theicniúla a dhéanamh. Is éard atá sa chineál treoraithe is coitianta a úsáidtear prúnáil Royat aonair nó dhúbailte, agus úsáidtear Richter 110, Paulsen 1103 agus Ruggieri 140 mar fhréamhstoc.

2. Scaradh plandaí

Srian ábhartha ar dhéanamh na bhfíonta

Is éard atá sa scaradh plandaí 1,0 × 1,0 m sna sean-fhíonghoirt thraidisiúnta, 1,4 × 0,8 m i bhfíonghoirt ina bhfuil íosleibhéal tacaíochta agus ina n-úsáidtear innealra (saothraithe mótair etc.), agus 1,90-2,10 × 0,80 m i bhfíonghoirt a bhfuil leagan amach nua-aimseartha orthu atá lonnaithe ar charst feabhsaithe.

3. Treorú fíniúnacha

Srian ábhartha ar dhéanamh na bhfíonta

Úsáideann sean-fhíonghoirt thraidisiúnta Lumbarda córas prúnála cána gan treilís, nó córas gaothráin ag a bhfuil treilís aonair de chuaillí fíniúna lena ngabhann sreang amháin nó dhá shreang chun na péacáin a ghlacadh. Is é prúnáil Royat aonair an córas treoraithe a úsáidtear i bhfíonghoirt a bhfuil leagan amach comhaimseartha orthu.

4. Buaint fíonchaor

Srian ábhartha ar dhéanamh na bhfíonta

Buaintear na fíonchaora go heisiaach de láimh, agus cuirtear i gcoimeádáin oiriúnacha phlaisteacha iad.

(b) *Uastáirgeacht*

1. Fíon ('kvalitetno vino KZP')

13 000 cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

2. Fíon ('vrhunsko vino KZP')

12 000 cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

3. Fíon súilíneach ('vrhunsko pjenušavo vino')

12 000 cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

4. Fíon ó fhíonchaora rísínithe ('kvalitetno vino KZP')

13 000 cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

5. Fíon ó fhíonchaora rísínithe ('vrhunsko vino KZP')

12 000 cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

## 6. Limistéar geografach críochaithe

Cumhdaíonn an tAinmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint 'Lumbarda' críoch riaracháin iomlán bhardas Lumbarda, a chuimsíonn an chuid is faide soir d'oileán Korčula. Cruthaíonn an fharraige na teorainneacha thuaidh, thoir agus theas, agus cruthaítear teorainn an iarthair ón tuaisceart go dtí an deisceart le líne a shainítear le seacht dtagairt eangaí bhunúsacha lena ngabhann comhordanáidí WGS 84, i bhfoirm comhordanáidí GPS ar féidir iad a iontráil in aon ghaireas GPS gan an gaireas a choigeartú a thuilleadh (1. E 42o56'4" N 17o09'12" 2. E 42o56'28" N 17o08'56" 3. E 42o56'28" N 17o08'50" 4. E 42o56'03" N 17o08'16" 5. E 42o55'26" N 17o08'05" 6. E 42o55'07" N 17o08'15" 7. E 42o54'27" N 17o07'58". Tá na tagairtí eangaí sin marcáilte freisin mar chomhordanáidí in HTRS96/TM, is é sin córas teilgin léarscáile oifigiúil na Cróite, ar a bhfuil na cóid 1. E(m)553320 N(m)4756493; 2. E(m)552946 N(m) 4755919; 3. E(m)552828 N(m)4755918; 4. E(m)552045 N(m)4755117; 5. E(m)551824 N(m)4753978; 6. E(m) 552038 N(m)4753396; 7. E(m)551674 N(m)4752177.

## 7. Cineál (nó cineálacha) fíonchaor

Grk — Grk Korčulanski, Grk Mali, Grk Veli, Gark, Lumbarajski Grk

## 8. Tuairsc ar an nasc (ar na naisc)

### 8.1. *Fíon – Fíon súilíneach – Fíon ó fhíonchaora rísínithe*

Tosca nádúrtha

Aeráid, ithir agus rilíf

Is gnáthaeráid Mheánmhuirí atá limistéar Lumbarda, ar saintréith di geimhrí cineálta, fliucha agus samhraí tirime, teo de ghnáth. Bíonn an mheánteocht bhliantúil thart ar 17 °C, agus bíonn meánteocht thart ar 20,5 °C ann le linn an tséasúir fáis. Timpeallaíonn an fharraige Lumbarda nach mór, rud a mhaolaíonn luaineachtaí teochta a thuilleadh i rith na bliana. Is é thart ar 2 800 uair an meánlíon uaireanta gréine. Le linn na bliana, bíonn an fhrasaíocht thart ar 1 100 mm ar an meán, agus éagsúlachtaí móra ann i roinnt blianta, i dtéarmaí chainníocht agus dháileadh na frasaíochta i míonna áirithe. De ghnáth, titeann an chuid is mó den fhrasaíocht i dtréimhse an fhómhair/an gheimhridh, bíonn an fhrasaíocht is lú ann sa samhradh agus is í mí Iúil an mhí is tirime ar fad. Is iad Jugo, Bura agus Maestral na gaotha is coitianta i limistéar Lumbarda le linn na bliana, ar gnáth-shaintréith arís é sin d'aeráid na Meánmhara.

I dtéarmaí rilífe, tá meascán páirceanna i limistéar Lumbarda, san oirthear agus san oirthuaisceart den chuid is mó agus tá tír-raon cnocach réidh fite fuaite le léibhinn thraidisiúnta san iarthar agus san iardheisceart, arna gcomhlánú sa lá atá inniu ann le limistéir carst feabhsaithe, go mór mór i gceantar ar a dtugtar Defora. Tá an mháthair-fhoshraith sa chuid oirthearach de Lumbarda comhdhéanta d'aolchloch dholaimíteach ón Tréimhse Chailceach, ar aolchloch í atá cumhdaithe le gainimh ghrianchloiche ón Tréimhse Cheathartha, arb é an cineál ithreach is coitianta ar fásadh an cineál Grk air go traidisiúnta ó bhí an chianaois ann. Tá teoiricí éagsúla ann maidir le bunús an ábhair ghainmhigh ar an gcuid sin d'oileán Korčula; is í an teoiric is mó a bhfuil bunús léi go dtí seo ná gur séideadh leis an ngaoth é. Creidtear gur chumhdaigh na gaotha ón Leiveaint máthair-fhoshraith na carraige aolchloiche le gaineamh de réir a chéile le linn na tréimhse Cailcí Uachtaraí, ar máthair-fhoshraith í atá ann anseo go dtí an lá atá inniu ann. Is

iad príomhthréithe na ngaineamh sin leibhéal ard póiriúlachta agus soláthar an-ghann macra-eilimintí agus micrea-eilimintí. Dá ainneoin sin, d'éirigh go maith le Grk ann agus ghlac sé le gainimh Lumbarda mar ghnáthóg optamach. I roinnt codanna forimeallacha de mhachaire Lumbarda, is féidir teacht ar chineálacha éagsúla ithreach deirge, in éineacht le sil-leagain dholaimíteacha shnaíochair réamh- shil-leagtha – agus, ar fhánaí ithreacha antrapaigineacha, is féidir teacht ar léibhinn ina bhfuil cnámhábhar éagsúil. Tá foshraitheanna antrapaigineacha karst feabhsaithe a cruthaíodh le 20 nó 30 bliain anuas i limistéar Lumbarda i bhfoirm meascán de mháthair-fhoshraith aolchloiche dholaimíteach bhrúite agus cáithníní d'ithir nádúrtha, i bhfoirm ithir dhearg agus ábhar húmais de ghnáth, ar iarsma iad de na cineálacha éagsúla fásra Meánmhuirí sa limistéar ó thús an tsaoil. A mhéid a bhaineann le comhdhéanamh na foshraithe nuachruthaithe, tá an chuid is mó de comhdhéanta de bhuncharraig dholaimíteach aolchloiche lena ngabhann gránú 2-10 cm ar an meán (50-60 %), chomh maith le buncharraig lena ngabhann gránú atá níos mó ná 10 cm (5-10 %), agus tá meascán de cháithníní ithreach nádúrtha, húmas agus deannach cloiche sa chuid eile. Tá meándoimhneacht phróifíle gníomhaí na foshraithe sin thart ar 60-80 cm, ag brath ar shuíomh charraigeacha soladacha na máthair-fhoshraithe.

8.2. *Tosca daonna*

Thosaigh an modh traidisiúnta táirgthe chun fíon den chineál Grk ag athrú go mór go luath sna 1990í, agus tá leibhéal iontach ard de phróisis theicniúla agus theicneolaíocha nua-aimseartha bainte amach ag an táirgeadh sa lá atá inniu ann, ón bpróiseáil phríomhúil go bailchríoch a chur ar tháirgeadh an fhíona agus ar bhuidéalú an fhíona. Murab ionann agus an t-am a chuaigh thart, nuair a rinneadh an t-úrfhíon a choipeadh in éineacht leis an marc, a dhraenáil arís agus arís eile ó chascaí agus a dhoirteadh isteach i mbairillí lena choipeadh go ciúin, is éard atá i gceist leis an teicníc táirgthe sa lá atá inniu ann próiseáil mhear na bhfíonchaor tar éis na buainte, fuarú na bhfíonchaor, an mhaistreáin agus an úrfhíona, agus gléghlanadh agus scinceáil an úrfhíona sula gcuirtear tús leis an gcoipeadh. Cé is moite de roinnt eisceachtaí, tosaíonn coipeadh trí thréithchineálacha éagsúla giostaí roghnaithe a chur leis mar shaothráin tús gabhála agus cineálacha iomchuí bia do na giostaí, agus déantar coipeadh trí smacht iomlán a choimeád ar theochtaí an phróisis ó thús go deireadh, rud a tháirgeann fíon Grk den cháilíocht is fearr is féidir. Tá léiriú le fáil ar an méid sin freisin sa mhéid gurb amhlaidh, ó bhí buaint 2011 ann, mar thoradh ar an bpróiseas a bhaineann le húdarú margaíochta a fháil, go ndearnadh an ceart chun úsáid a bhaint as an téarma traidisiúnta 'vrhunsko vino s kontroliranim zemljopisnim podrijetlom' a dhéonú d'fhíonta 'Lumbarda' i níos mó ná 70 % de chásanna. Tá tábhacht i gceist leis an toisc dhaonna a bhaineann le táirgeadh na catagóire 'Fíon súilíneach' ón gcineáil Grk mar gheall ar na scileanna a fhaigheann na táirgeoirí, agus maidir le feabhsú na scileanna sin, i dtaca le teicneolaíocht táirgthe fíona shúilínigh agus i dtaca le cur chun feidhme cuí na mbeart aimpealai-theicniúla uile is gá sna fíonghoirt, ar scileanna iad ar a mbraitheann próisis agus luas aibithe na bhfíonchaor mar an t-amhábhar chun na fíonta súilíneacha a tháirgeadh. Baineann táirgeadh rathúil na bhfíonta súilíneacha, áfach, leis an tréimhse is fearr a chinneadh chun na fíonchaora a bhuain. Tá an toisc dhaonna i dtaca le táirgeadh na catagóire 'Fíon ó fhíonchaora rísínithe' ón gcineál Grk nasctha freisin le cur chun feidhme cúramach na n-oibríochtaí agrai-theicniúla agus aimpealai-theicniúla iomchuí sna fíonghoirt, go háirithe i dtéarmaí stádas sláinte gan locht na bhfíonchaor a choinneáil ar bun agus, chomh maith leis sin, i dtéarmaí an próiseas aibithe a spreagadh agus, ina dhiaidh sin, na fíonchaora a ró-aibiú, mar phointe tosaithe i ndáil leis na próisis rísínithe bhreise a chur chun feidhme ina dhiaidh sin, ar próisis iad atá fíor-riachtanach sa teicneolaíocht táirgthe sin.

8.3. *Cineálacha fíonchaor*

Is é Grk an príomhchineál a fhástar i limistéar an ATFC 'Lumbarda'. Go dtí seo, tá sé á chlárú mar chineál de thionscnamh anaithnid, cé go luaitear i bhfoinsí scríofa de ghnáth gur cineál dúchasach de chuid oileán Korčula é. Áitíonn roinnt údar go bhféadfadh an t-ainm a bheith de thionscnamh ársa [ciallaíonn *Grk* Gréagach sa Chróitis], ach ní chuireann údair eile as an áireamh go n-eascraíonn an t-ainm ó bhlas beagáinín searbh [*gorak* sa Chróitis] an fhíona. Braitheann sainiúlacht an chineáil sin ar bhláth hearmafraidíteach, ó thaobh na moirfeolaíochta de, a bheith aige, ach ar bláth baineann é ó thaobh feidhme de, arb é is cúis le toirchiú níos laige go minic agus le cion mór d'fhíonchaora beaga bídeacha partanacarpacha nach bhfuil ag teastáil i ngach triopall. Ar an gcúis sin, déantar Plavac Mali agus Maraština, a bhfuil aithne níos fearr orthu ar Korčula faoi ainm Rukatac Bijeli, a phlandú go traidisiúnta mar phailneoirí féideartha sna fíonghoirt. I dtéarmaí chomhdhéanamh fhíonta Grk, ní sháraíonn cineál Maraština (Rukatac) 5 % riamh agus ní dhéanann sé difear ar bhealach ar bith do cháilíocht fhíor-riachtanach ná do shaintréithe orgánaileipteacha na bhfíonta ná ní athraíonn sé iad ar bhealach ar bith.

De bhreis ar shainiúlacht an chineáil Grk i dtéarmaí a bhlátha lena ngabhann feidhm bhaineann agus hearmafraidíteach, ó thaobh na moirfeolaíochta de, léirítear saintréithe tábhachtacha agrai-bhitheolaíocha an chineáil le fuinneamh beagáinín níos suntasaí, ar saintréithe iad as a n-eascraíonn forbairt péacán tiubh, ceartingearach agus, ar bhonn níos ginearálta, fás agus forbairt láidir na bhfíniúnacha. Tá sé intuigthe, ansin, go bhfuil an cineál Grk oiriúnach go hiomlán d'fhás ar ithreacha níos éadroime, cnámharlaigh, tréscaoilteacha agus gainmheacha. D'ainneoin toirchiú níos laige go minic i roinnt blianta táirgthe, táirgeann sé táirgeachtaí leordhóthanacha agus fíonchaora ag a mbíonn cáilíocht oiriúnach. Sroicheann sé aibíocht theicneolaíoch ag deireadh an dara agus an tríú tréimhse aibíochta.

8.4. *Idirghníomhaíocht tosca nádúrtha agus tosca daonna*

Tá dlúthbhaint idir táirgeadh fíonchaor agus fíona ón gcineál Grk le limistéar Lumbarda le fada, feadh dhromchlaí ghainimh Lumbarda ar dtús agus, go feadh méid áirithe, ar na fánaí léibhinn agus, níos déanaí fós, ar dhromchlaí carst feabhsaithe. Ar an dea-uair, tá an cineál Grk tar éis teacht slán ó chora an tsaoil fíonsaothraithe agus fíonóireachta feadh chósta thoir Mhuir Aidriad, go háirithe fadhbanna a bhaineann le teacht chun cinn ghalair fiollocsaeire agus ghalair chripteagamaigh, agus tá é fós á shaothrú, beagnach go heisiach, i limistéar Lumbarda. Le blianta fada anuas, tá oibrithe feirme dícheallacha ag saothrú faoi dhálaí sonracha ithreach agus aeráide limistéar Lumbarda agus d'éirigh leo fíonchaora ar ardchaighdeán a tháirgeadh ón gcineál Grk, agus iad ag táirgeadh fíonta lena mbaineann cáilíocht eisceachtúil atá aitheanta, agus a bhfuil meas orthu i measc tomhaltóirí le fada an lá. Léiríonn na torthaí a fuarthas le déanaí maidir le saothrú an chineáil Grk ar shubstráit carst feabhsaithe nach bhfuil aon diallas d'aon chineál i luachanna pharaiméadair na hanailíse fisiciceimicí, ná i dtéarmaí shaintréithe orgánaileipteacha an fhíona i gcomparáid leo siúd ó fhíonghoirt ar na gainimh. Is féidir míniú a thabhairt air sin go héasca trína rá gurb amhlaidh, sa dá chás, i dtéarmaí na ndálaí ginearálta a bhaineann le Grk a shaothrú, go bhfuil na foshraitheanna éadrom agus draenáilte agus go mbaineann leibhéal torthúlachta níos ísle leo, ar foshraitheanna iad ina mbíonn rath ar an gcineál Grk ar a bhealach féin, agus fíonchaora agus fíonta á dtáirgeadh aige ar cháilíocht eisceachtúil, shonrach agus shainiúil. I bhfocail eile, baineann an nasc cúisíoch bunúsach a dhéanann difear do shainiúlacht na saintréithe anailíseacha agus orgánaileipteacha – sainiúlacht agus cáilíocht na dtrí tháirge den chineál Grk – le dálaí uathúla sonracha geolaíocha/péideolaíocha na hithreach gainmhí agus carst feabhsaithe ar a bhfuil na fíonghoirt suite. De bhreis air sin, áirithíonn na dálaí sonracha sin, agus iad ag idirghníomhú le saintréithe agrai-bhitheolaíocha an chineáil Grk, chomh maith leis an ról chomh tábhachtach céanna atá ag tosca daonna maidir le scileanna táirgthe a mhéadú i gcónaí agus maidir le teicneolaíocht fíonóireachta a fheabhsú, go mbíonn luachanna arda anailíseacha a n-eastóscáin iomláin agus a luaithrigh, nach bhfuil le fáil i gcineálacha fíniúna gile eile sna limistéir sin, mar shaintréithe i gcónaí sna trí tháirge uile – na catagóirí 'Fíon', 'Fíon súilíneach' agus 'Fíon ó fhíonchaora rísínithe'. Léiríonn sé sin go soiléir go bhfuil feidhm chomhionann ag an idirnasc agus ag an idirghníomhaíocht idir tosca nádúrtha agus tosca daonna maidir le gach ceann de na trí chatagóir táirgí éagsúla den chineál Grk.

8.5. *Fíon*

Mar a luadh cheana, tá athrú agus feabhas mór tagtha ar theicneolaíocht táirgthe fíona le déanaí i dtéarmaí ghnéithe éagsúla na nósanna imeachta próiseála príomhúla fíonchaor agus chóireáil agus aosú an fhíona. Mar sin féin, léiríonn torthaí na n-anailísí ar an bhfíon fós tiúchain arda d'eastóscán tirim iomlán, ar tiúcháin iad atá sa raon 23,2 g/l ar a laghad suas le 27,8 g/l thar thréimhse fhada ama. Tá difríocht mhór ann idir iad sin agus na luachanna i gcás cineálacha fíniúna gile eile a fhástar sna limistéir sin. Léiríonn na torthaí sin tiúchan ard luatha freisin. Is féidir na luachanna sin uile a chur i leith saintréithe agrai-bhitheolaíocha an chineáil sin amháin.

8.6. *Fíon súilíneach*

Faoi threoir eolais theicneolaíoch nua-aimseartha agus scileanna sealbhaithe maidir le táirgeadh fíona i gcoitinne, agus le tuiscint ar acmhainneacht ard táirgthe an chineáil Grk, thosaigh táirgeoirí ag táirgeadh fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán le déanaí, rud a dheimhnítear le gradaim iomadúla ag taispeántais fíona agus ag meastóireachtaí sa bhaile agus thar lear araon. Mar gheall ar shaintréithe agrai-bhitheolaíocha an chineáil Grk – thar aon ní eile, a fhuinneamh suntasach, chomh maith le struchtúr na dtriopall, ina mbíonn fíonchaora beaga bídeacha, partanacarpacha ina sciar nach beag díobh go minic, agus faireachán cúramach á dhéanamh ar luas an aibithe agus ar chinneadh na tréimhse tráthúla buainte – fágann siad gur amhábhar den scoth é fíonchaora Grk chun fíon súilíneach a tháirgeadh. Mar thoradh air sin, is é a leanann sa deireadh as na tosca daonna a léirítear sna bearta aimpealai-theicniúla a bhainistítear go cúramach san fhíonghort agus as an bhfeabhas leanúnach ar scileanna sa teicneolaíocht chun an fíon súilíneach a tháirgeadh – mar aon le saintréithe sonracha na dtosca nádúrtha a leagtar amach thuas – ná fíonta súilíneacha a bhfuil searbhas cineáil suntasach acu, braistint láidir mianrachta, tathag iomlán mar thoradh ar a gcion eastóscáin agus luatha, agus dea-bholadh agus blas casta a chuireann torthaí aibí agus torthaí citris i gcuimhne.

8.7. *Fíon ó fhíonchaora rísínithe*

Os a choinne sin, maireann táirgeadh traidisiúnta fíonta milse ó fhíonchaora rísínithe, a bhfuil an cineál Grk an-oiriúnach dóibh freisin, go dtí an lá atá inniu ann. A bhuí leis na dálaí peideolaíocha sonracha le haghaidh draenáil ithreach, fágann aimsir the an fhómhair, ar aimsir thirim í go minic, gur féidir leis na fíonchaora aibiú go tapa agus go maith, agus go mbíonn carnadh méadaithe siúcra ann. De bhreis air sin, mar thoradh ar thriomú breise na bhfíonchaor i limistéir oiriúnacha faoi scáth agus aeráilte ar an mbealach traidisiúnta, déantar fíonchaora atá oiriúnach do tháirgeadh fíona ó fhíonchaora rísínithe a tháirgeadh. Ar aon nós, is é an toradh a bhíonn ar an idirghníomhaíocht idir na tosca nádúrtha agus na tosca daonna a leagtar amach thuas ná fíonta milse ó fhíonchaora rísínithe ag a bhfuil tathag láidir, iomlán agus atá lán le heastóscán agus le luatha. I dtéarmaí saintréithe orgánaileipteacha, bíonn fordhathanna órbhuí go hómra ar na fíonta sin agus bíonn dea-bholaithe torthaíocha casta orthu ina mbíonn torthaí, rísíní agus mil ró-aibí agus triomaithe den chuid is mó.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise**

*Forálacha breise a bhaineann le lipéadú*

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Leis an reachtaíocht náisiúnta, déantar foráil á rá gurb amhlaidh, trí úsáid á baint as modh oifigiúil OIV 100-pointe chun fíonta a rátáil, nach mór d'fhíonta ar a bhfuil an t-ainmniúchán traidisiúnta 'vrhunsko vino KZP' 82 phointe ar a laghad a fháil, agus nach mór d'fhíonta ar a bhfuil an t-ainmniúchán traidisiúnta 'kvalitetno vino KZP' 72 phointe ar a laghad a fháil. Mar sin féin, chun bheith in ann an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Lumbarda' a úsáid, is é 78 bpointe an líon íosta pointí i gcás 'kvalitetno vino KZP' agus 'kvalitetno vino KZP – desertno vino'. Is iad na táirgeoirí féin a rinne an cinneadh an caighdeán a ardú go 78 bpointe ar a laghad i gcás fíonta ar a bhfuil an t-ainmniúchán traidisiúnta 'kvalitetno vino KZP' agus 'kvalitetno vino KZP – desertno vino', agus iad grúpáilte le chéile sa chomhlachas 'Grk-Lumbarda', agus é d'aidhm aige sin a áirithiú nach mbíonn cáilíocht oibiachtúil na bhfíonta in amhras riamh agus go mbíonn an cháilíocht sin i gcónaí ar leibhéal a chaomhnaíonn go buan clú agus cáil na bhfíonta a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Lumbarda' orthu.

Níl aon ghá leis an líon pointí a fuarthas i rátáil oifigiúil táirge sa phróiseas chun údarú margaidh a fháil a thaispeáint ar an lipéad.

**Nasc chuig an tsonraíocht táirge**

https://poljoprivreda.gov.hr/UserDocsImages/dokumenti/hrana/zastita_oznaka_izvrsnosti_vina/Specifikacija%20ZOI%20Lumbarda.pdf